Treoracha do chustaiméirí ar spéis leo tacaíocht a thabhairt do Chill Dara le Gaeilge

1. Téigh i dtaithí ar lógó *Cill Dara le Gaeilge* i dtreo is go n-aithneoidh tú é i ngnólachtaí áitiúla.
2. Cuir eolas ar liosta na ngnólachtaí atá páirteach sa scéim - Féach ar www.cilldaralegaeilge.ie
3. Glac cinneadh go dtacóidh tú leis na gnólachtaí seo agus tabhair cuairt orthu nuair a bhíonn tú ag siopadóireacht nó ag lorg seirbhíse.
4. Agus tú ag tabhairt cuairte ar an ngnólacht cuir in iúl don fhoireann go bhfuil eolas agat ar an scéim agus mol iad as bheith rannpháirteach inti.
5. Lorg duine éigin a chaitheann an suaitheantas 'Tá Gaeilge agam' nó an ceann 'Tá cúpla focal agam' agus úsáid do chúpla focal féin leo. Bí cineálta, foighneach, le do thoil, óir beidh leibhéil chumais éagsúla Gaeilge ag daoine agus is mian linn úsáid na Gaeilge a chothú, ní duine ar bith a scanradh!
6. Tabhair aitheantas d'aon úsáid a bhaintear as an nGaeilge sa ghnó – e.g. comharthaí, earraí, daoine á labhairt etc.
7. Cuir an scéal thart ar aon duine a mbeadh spéis aige/aici inti – scéal scéil, Facebook, Twitter etc.
8. Lean *Cill Dara le Gaeilge* ar Twitter @cilldaragaeilge agus inis do do lucht leanúna i dtaobh na scéime.
9. Ceangail lenár leathanach Facebook ar www.facebook.com/cilldaralegaeilge
10. Téigh i dteagmháil le eolas@cilldaralegaeilge.ie más mian leat breis eolais a fháil i dtaobh na scéime.
11. Cuir do chroí isteach sa tionscnamh. Spreag do pháistí agus daoine eile chun glacadh go fonnmhar leis an deis chun an Ghaeilge a úsáid agus iad i mbun a ngnóthaí laethúla. Seo deis iontach le taispeáint do do pháistí gur beotheanga í an Ghaeilge agus deis dóibh í a úsáid agus a thaispeáint do dhaoine eile go bhfuil siad bródúil aisti.
12. Más eol duit aon ghnólacht arbh spéis leo páirt a ghlacadh sa scéim abair leo r-phost a sheoladh chuig eolas@cilldaralegaeilge.ie .

Ní neart go cur le chéile!

Guidelines for customers interested in supporting Cill Dara le Gaeilge

1. Familiarise yourself with the Cill Dara le Gaeilge logo so that you recognise it in local businesses.
2. Familiarise yourself with the businesses involved in the scheme - www.cilldaralegaeilge.ie
3. Make a decision to support these businesses and visit them when shopping/seeking a service.
4. When visiting the business, make it clear to staff that you are aware of the scheme and praise their involvement.
5. Seek out someone wearing the 'Tá Gaeilge agam' or 'Tá cúpla focal agam' badge and use your own cúpla focal with them. Please be kind as people will have different levels of Irish and we want to encourage the use of Irish not scare anyone off!
6. Acknowledge any evidence of Irish in the business – eg. signs, products, people speaking etc.
7. Spread the word to anyone who may be interested – word of mouth, Facebook, Twitter etc.
8. Follow *Cill Dara le Gaeilge* on Twitter @cilldaragaeilge and tell your followers about the scheme.
9. Link in with our Facebook page on www.facebook.com/cilldaralegaeilge
10. Contact eolas@cilldaralegaeilge.ie if you would like further information about the scheme.
11. Get into the spirit of the initiative. Encourage your children and others to embrace the opportunity to use Irish when going about everyday business. This is a real opportunity to show your children that Irish is a living language and provide a chance for them to use it and show others that they are proud of it.
12. If you are aware of a business that may be interested in being part of the scheme, tell them to e-mail eolas@cilldaralegaeilge.ie .

Ní neart go cur le chéile!